2026/2557

13.11.2026

CINNEADH (AE) 2026/2557 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chomhar Custaim a bunaíodh faoin gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc, a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc [1] ('an Comhaontú Comhlachais') a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 64/732/CEE ón gComhairle [2]. Leagtar síos na rialacha maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc i gCinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc [3] an 22 Nollaig 1995 ('Cinneadh Uimh. 1/95').

(2) Le Cinneadh Uimh. 2/69 ón gComhairle Comhlachais [4] an 15 Nollaig 1969 , bunaíodh an Coiste um Chomhar Custaim de bhun Airteagal 24 den Chomhaontú Comhlachais.

(3) De bhun Airteagal 28 de Chinneadh Uimh. 1/95, tá an Coiste um Chomhar Custaim leis na bearta iomchuí a leagan síos chun na forálacha custaim a leagtar amach sa Chinneadh sin a chur chun feidhme. Chun na críche sin, ghlac an Coiste um Chomhar Custaim Cinneadh Uimh. 1/2006 [5] an 26 Meán Fómhair 2006.

(4) Tá an Coiste um Chomhar Custaim le cinneadh a ghlacadh, le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige nó trí mhalartú litreacha, maidir le rialacha mionsonraithe chun Cinneadh Uimh. 1/95 a chur i bhfeidhm.

(5) Má ghlactar an cinneadh ón gCoiste um Chomhar Custaim, beidh éifeachtaí dlíthiúla aige don Aontas.

(6) Ghlac Comhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('Coinbhinsiún PEM') Cinneadh Uimh. 1/2023 an 7 Nollaig 2023 maidir leis an Leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile- Eora-Mheánmhara [6], a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

---

[1] IO L 361, 31.12.1977, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1964/732/oj.
[2] IO 217, 29.12.1964, lch. 3685, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1964/732/oj.
[3] Cinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc an 22 Nollaig 1995 maidir leis an gcéim dheireanach den Aontas Custaim a chur i bhfeidhm (IO L 35, 13.2.1996, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1995/1(5)/oj).
[4] Níl an cinneadh foilsithe.
[5] Cinneadh Uimh. 1/2006 ón gCoiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc an 26 Meán Fómhair 2006 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le Cinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc a chur i bhfeidhm (IO L 265, 26.9.2006, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/646/oj).
[6] Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile- Eora-Mheánmhara (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

(7) Is gá forálacha Chinneadh Uimh. 1/2006 ón gCoiste um Chomhar Custaim a ailíniú le Cinneadh Uimh. 1/2023 agus iad a thabhairt i gcomhréir le forálacha nua reachtaíocht chustaim an Aontais agus na Tuirce. Is gá freisin téacs formhuinithe éagsúla a chur isteach i dteangacha oifigiúla nua an Aontais mar thoradh ar mhéadú an Aontais.

(8) Le forálacha idirthréimhseacha, coinníodh cur i bhfeidhm Rialacha Tionscnaimh 2012 Choinbhinsiún PEM ([7]) ar bun idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2025 i gcomhthreo le rialacha athbhreithnithe Choinbhinsiún PEM arna leasú le Cinneadh Uimh. 2/2024 ([8]) ó Chomhchoiste Choinbhinsiún PEM.

(9) Tar éis do na forálacha idirthréimhseacha a bunaíodh faoi Chinneadh 2/2024 ó Chomhchoiste Choinbhinsiún PEM dul in éag an 31 Nollaig 2025, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag forálacha áirithe den Chinneadh atá beartaithe ón gCoiste um an gComhar Custaim ón 1 Eanáir 2026 ar mhaithe leis an leas ginearálta chun oibriú gan bhriseadh an Aontais Custaim agus leanúnachas an charntha thrasnánaigh faoi Choinbhinsiún athbhreithnithe PEM a áirithiú. Leis an gcur i bhfeidhm cúlghabhálach sin, ba cheart a cheadú d'idirbhearta a dhéanfar ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh tairbhe a bhaint as na ceanglais oiriúnaithe maidir le neamhathrú, lena n-áirítear coinsíneachtaí faoi mhaoirseacht chustaim i dtríú tíortha a stóráil agus a roinnt, an tréimhse fhadaithe chun deimhnithe gluaiseachta A. TR a thíolacadh, agus na nósanna imeachta chun dúblaigh agus deimhnithe a eisiúint go cúlghabhálach. Trí aitheantas a thabhairt do chruthúnais ar thionscnamh an Aontais nó na Tuirce arna n-eisiúint i dtíortha comhpháirtíochta fabhracha coiteanna, mar aon leis na ceanglais lena rialaítear dearbhuithe soláthróra, ba cheart leanúnachas na fianaise doiciméadaí a thacaíonn le carnadh trasnánach a áirithiú, lena n-áirítear i gcás ina gcuirtear oibriú nó próiseáil san áireamh trí charnadh iomlán. Ba cheart a áirithiú leis na forálacha comhfhreagracha maidir le comhar riaracháin agus coimeád taifead go bhfíorófar an fhianaise sin. Le cur i bhfeidhm cúlghabhálach mar sin, cosnaítear ionchais dhlisteanacha oibreoirí eacnamaíocha trí leanúnachas a áirithiú maidir le húsáid na fianaise doiciméadaí lena dtacaítear le saorchúrsaíocht agus le cóir fhabhrach d'idirbhearta a rinneadh ón 1 Eanáir 2026 i leith.

(10) Meabhraítear go bhfuil sé d'oibleagáid ar an Tuirc cur chun feidhme iomlán agus neamh-idirdhealaitheach an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais a áirithiú i leith na mBallstát uile, lena n-áirítear Poblacht na Cipire, agus an tAontas Custaim a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus gan idirdhealú maidir leis na Ballstáit uile.

(11) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chomhar Custaim a bhunú maidir le Cinneadh a ghlacadh lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 1/95 ón gComhairle Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus an Tuirc,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chomhar Custaim idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc faoin gComhaontú Comhlachais bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Chomhar Custaim atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([7]) Cinneadh 2013/94/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/94(1)/oj).

([8]) Cinneadh Uimh. 2/2024 ó Chomhchoiste an Choinbhisiúin Réigiúnaigh maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 12 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste d'fhonn forálacha idirthréimhseacha a chur san áireamh sna leasuithe ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le Rialacha Tionscnaimh Fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara is infheidhme ón 1 Eanáir 2025(IO L, 2025/17, 9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/17/oj).

Airteagal 2

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach san Iarscríbhinn gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS